


WRRC

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Workplace Relations Commission



Dlí Fostaíochta Mínithe



Clár na nÁbhar

LEATHANACH

RÉAMHRÁ	2
ACHOIMRE AR OIBLEAGÁIDÍ FOSTÓIRÍ	3
EIRBHÍSÍ CIGIREACHTA AN CHOIMISIÚIN UM CHAIDREAMH SAN IONAD OIBRE	4
ACHOIMRE AR CHUMHACHTAÍ NA GCIGIRÍ	4
COIMEÁD TAIFEAD	5
STÁDAS FOSTAÍOCHTA FOSTAITHE	7
FOSTAITHE AR THÉARMA SEASTA/ OIBRITHE SEALADACHA GNÍOMHAIREACHTA	8
FOSTAITHE PÁIRTAIMSEARTHA	10
FOSTAÍOCHT DAOINE ÓGA	10
NÁISIÚNAIGH CHOIGRÍCHE A FHOSTÚ	13
TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA I SCRÍBHINN	16
PÁ AGUS TUARASTAL	18
SAOIRE, BRISEADH, AM SOSA	19
SAOIRE CHOSANTACH	21
COMHIONANNAS	22
COMHAONTUITHE A BHAINNEANN LEIS AN TIONSCAL	23
FOSTAÍOCHT A FHOIRCEANNADH	24
IOMARCAÍOCHT	25
CÓID CHLEACHTAIS AGUS CEANGLAIS EILE	26
FORFHEIDHMIÚ	27
AGUISÍN I: EAGRAÍOCHTAÍ ATÁ IN ANN CABHRÚ LE SAINCHEISTEANNA FOSTAÍOCHTA	30
AGUISÍN II: FOILSEACHÁIN ÁISIÚLA	33

Réamhrá

Ceann de phríomhchuspóirí an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre (WRC) ná faisnéis neamhchlaonta a chur ar fáil ar éagsúlacht leathan reachtaíochta ar chearta fostaíochta d'fhostóirí agus d'fhostaithe ar an teileafón, i scríbhinn, ar a shuíomh gréasáin agus trí chláir leanúnacha feasachta poiblí. Soláthraíonn an WRC raon forleathan bileoga mínitheacha agus Treoir chuimsitheach maidir le Dlí Fostaíochta, Saothair agus Comhionannais.

Tá sé mar aidhm san fhoilseachán seo cuidiú le fostóirí cloí lena n-oibleagáidí faoi dhlí fostaíochta. Nuair a bhunaíonn siad nó a bhíonn siad i mbun gnó agus fostaithe íoctha acu, ba cheart d'fhostóirí eolas a chur ar roinnt forálacha bunúsacha faoi dhlí fostaíochta na hÉireann.

Is é an WRC a chuir an treoir achoimre seo le chéile. Tá tuilleadh eolais ar chearta fostaíochta ar fáil ar www.workplacerelations.ie nó trí ghlaoch a chur ar Sheirbhísí Faisnéise agus Custaiméirí an Choimisiúin ar **Íosghlao** 0818 80 80 90.

Tabhair faoi deara nach léirmhíniú dlíthiúil é seo ar an reachtaíocht.



Achoimre ar Oibleagáidí Fostóirí

Tá fostóir freagrach as a chinntiú go bhfaigheann a gcuid fostaithe bunchearta fostaíochta áirithe.

Áirítear leis na príomh-oibleagáidí:

- Gan a fhostú ach amháin fostaithe a bhfuil cead acu oibriú laistigh den Stát,
- A chinntiú go dtugann siad ráiteas scríofa d'fhostaithe maidir le téarmaí agus coinníollacha na fostaíochta,
- Ráiteas scríofa a thabhairt d'fhostaithe maidir leis an bpá nó 'duillín pá',
- Gan nach lú ná na híosrátaí pá reachtúla a íoc le fostaithe,
- Cloí leis na ceanglais uasta a bhaineann le seachtain oibre,
- Briseadh agus sosanna a thabhairt i rith uaireanta oibre,
- Saoire bhliantúil a thabhairt ón obair,
- Íosmhéid fógra a thabhairt sula ndéantar an fostaíocht a fhoirceannadh,
- Taifid a choinneáil maidir lena bhfostaithe agus a dteidlíochtaí.

Chun tuilleadh eolais a fháil íoslódáil an Treoir maidir le Dlí Fostaíochta, Saothair agus Comhionannais ar www.workplacerelations.ie.

Tá liosta de Threoracha, Bileoga Eolais agus Leabhráin Míniúcháin le haghaidh réimsí sonracha den dlí fostaíochta ar fáil in Aguisín II.

Seirbhísí Cigireachta an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre

Tá an WRC freagrach freisin as monatóireacht a dhéanamh ar raon cearta fostaíochta in Éirinn trína Sheirbhís Cigireachta. Feidhmíonn Cigirí an WRC ar bhealach cothrom agus neamhchlaonta, ag déanamh cigireachtaí ar fud na tíre. Tarlaíonn na cigireachtaí sin mar thoradh ar ghearáin a fhaightear de sháruithe líomhnaithe ar chearta fostaíochta, mar thoradh ar sprioc-fheachtais cigireachta agus mar thoradh ar ghnáth-fhiosruithe maidir le cigireachtaí. I gcás ina bhfuil fianaise ar neamhchomhlíonadh le reachtaíocht cearta fostaíochta, beidh sé mar phríomhthosaíocht ag an gcigire leigheas a fháil ar an scéal. I roinnt cásanna d'fhéadfadh gá a bheith le fógraí comhlíontachta agus/nó íocaíochta socraithe agus/nó ionchúisimh a thionscnamh in aghaidh an fhostóra.

Achoimre ar Chumhachtaí na gCigirí

Go ginearálta tá na cumhachtaí seo a leanas ag Cigirí an WRC faoin reachtaíocht:


- Chun dul isteach in aon áit oibre ag tráth réasúnach,
- Chun taifid a iarraidh,
- Chun cigireacht a dhéanamh ar thaifid,
- Chun cóipeanna a dhéanamh de thaifid, agus iad a bhaint agus a choimeád,
- Agallamh a dhéanamh agus a iarraidh ó aon duine iomchuí.

Chun liosta a fháil de na taifid a chuirfear ar fáil do Chigirí an WRC, féach an rannán ar “Coimeád Taifead” ar leathanach [5].

Is féidir dul i dteagmháil le Seirbhísí Cigireachta an WRC ar

Teileafón: (059) 9178800

Íosghlao: 0818 220100



Coimeád Taifead

Sa liosta seo a leanas leagtar amach na gnáth-thaifid is gá d'fhostóirí a choimeád agus a n-iarrfaidh Cigire WRC rochtain orthu i rith cigireachta:-

1. An teimpléad comhlánaithe a seoladh leis an litir maidir leis an gcoinne cigireachta nó an fhaisnéis chéanna i bhformáid den chineál céanna.
2. Uimhir chláraithe an fhostóra leis na Coimisinéirí Ioncaim.
3. Liosta de na fostaithe go léir lena n-áirítear ainm iomlán, seoladh agus uimhir PSP gach fostaí (lánaimseartha agus páirtaimseartha).
4. Téarmaí scríofa Fostaíochta gach fostaí.
5. Sonraí párolla (lena n-áirítear an ráta comhlán go glan, an ráta in aghaidh na huaire, ragobair, asbhaintí, sealobair agus Prémheanna agus Liúntais eile, Coimisiúin agus Bónais, Muirir Seirbhíse, etc.).
6. Fianaise gur sholáthair an fhostóir duillíní pá ar fhostaithe.

7. Aicmí poist na bhfostaithe.
8. Dátaí tosaigh agus, nuair is iomchuí, foirceannadh na fostaíochta.
9. Uaireanta oibre gach fostaí (lena n-áirítear amanna tosaigh agus críochnaithe).
10. Clár na bhfostaithe faoi 18 mbliana déag.
11. Sonraí maidir le haon bhord agus/nó lóistín a soláthraíodh d'fhostaithe.
12. Teidlíochtaí Saoire agus Laethanta Saoire a fuair gach fostaí.
13. I gcás daoine nach náisiúnaigh LEE iad¹, ceadanna fostaíochta nó fianaise nach dteastaíonn ceadanna.
14. Aon doiciméid atá riachtanach chun comhlíonadh le reachtaíocht ar chearta fostaíochta a léiriú.

D'fhéadfadh gá a bheith ann taifid bhreise a choimeád ag brath ar an earnáil/gnó atá i gceist. Tá íostréimhsí ann ina gcaithfear na taifid sin a choimeád (trí bliana go ginearálta).

Stádas Fostaíochta Fostaithe

Fostaíonn fostóirí daoine ar **chonarthaí seirbhíse nó ar chonarthaí i gcomhair seirbhísí**. Ní mheastar gur fostaí ach amháin duine a fhostaítear ar chonradh seirbhíse agus dá bhrí sin tá cosaint aige/aici faoin raon iomlán reachtaíochta fostaíochta; beidh conradh i gcomhair seirbhísí ag conraitheoir neamhspleách nó ag duine féinhostaithe leis an bpáirtí dá bhfuil an obair á déanamh. Bíonn an t-idirdhealú idir conradh seirbhíse, ar lámh amháin, agus conradh i gcomhair seirbhísí, ar an taobh eile, doiléir uaireanta ach bíonn an cineál conartha faoina mbíonn duine fostaithe an-tábhachtach don fhostóirí agus don fhostaí i gcúrsaí mar reachtaíocht um chosaint fostaíochta, freagracht dlíthiúil as díobhálacha a bhaineann do dhaoine sa phobal, cánachas agus leas sóisialach.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach

An Cód Cleachtais chun Fostaíocht a Chinneadh nó

Stádas Féinhostaíochta, is féidir a íoslódáil ó

www.revenue.ie.

Má theastaíonn tuilleadh eolais níos mionsonraithe uait maidir le hinárachas fostaíochta agus féinhostaíocht déan teagmháil le:

An Rannán Scope
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Gandon House
Sráid Amiens
Baile Átha Cliath 1.
Teileafón: (01) 6732585
Ríomhphost:
scope@welfare.ie

Fostaithe ar Théarma Seasta/ Oibrithe Sealadacha Gníomhaireachta

Ag brath ar riachtanais ghnó, b'fhéidir go dteastódh ó chuideachtaí fostaithe páirtaimseartha, fostaithe ar chonradh seasta nó oibrithe sealadacha gníomhaireachta a fhostú.

Fostaithe ar Théarma Seasta: Is ionann fostaí ar théarma seasta agus duine éigin atá fostaithe faoi chonradh a choinníonn dáta faoi leith le tosú agus críochnú nó atá fostaithe chun tasc nó tionscadal sonrath a chur i gcrích nó a bhfuil leanúnachas a chonartha ag brath ar imeacht áirithe cosúil le maoiniú leanúnach a bheith ar fáil ó fhoinsé seachtrach.

Ní féidir caitheamh le fostaithe ar théarma seasta ar bhealach nach lú fabhar ná fostaithe buana inchomparáide maidir leis na coinníollacha fostaíochta agus tá feidhm le gach reachtaíocht um chosaint fostaithe, seachas é sin a bhaineann le dífhostú éagórach in imthosca áirithe, i gcás fostaithe ar théarma seasta ar an gcaoi chéanna a bhfuil feidhm leis i gcás fostaí buan. Ní féidir caitheamh le níos lú fabhar le fostaithe ar théarma seasta le hais fostaí buan inar féidir bonn cirt a thabhairt le láimhseáil den sórt sin ar fhorais oibiachtúla.

Ní féidir le fostaithe fanacht ar shraith conarthaí téarma seasta gan chríoch. Má fhabhraíonn fostaí ar thosaigh a fhostaíocht roimh an 14 Iúil 2003 seirbhís leanúnach trí bliana as a chéile mar fhostaí téarma seasta, nuair a thagann conradh an fhostaí sin aníos le hathnuachan an 14 Iúil 2003 nó ina dhiaidh sin, ní féidir ach conradh amháin eile ar théarma seasta a thairiscint don fhostaí. Ní féidir leis an athnuachan ar bhunús téarma seasta eile a bheith ar feadh níos faide ná bliain amháin. Ina dhiaidh sin, más mian leis an bhfostóir go leanfadh an fostaí ar aghaidh, ní mór go mbeadh sé ar bhonn conartha ar feadh tréimhse éiginnte.

Má tharlaíonn sé go raibh dhá chonradh nó níos mó ar théarma seasta ag fostaí a thosaigh an fostaíocht an 14 Iúil 2003 nó ina dhiaidh sin, ní bheidh fad comhiomlán na gconarthaí níos faide

ná ceithre bliana. Ina dhiaidh sin, más mian leis an bhfostóir go leanfadh an fostaí ar aghaidh, ní mór go mbeadh sé ar bhonn conartha ar feadh tréimhse éiginnte.

Oibrithe Sealadacha Gníomhaireachta: Is ionann oibrí gníomhaireachta agus duine aonair atá fostaithe ag gníomhaireacht fostaíochta faoi chonradh fostaíochta agus a bhféadfar an duine aonair a shannadh le hoibriú do dhuine seachas an ghníomhaireacht fostaíochta, agus faoi threoir agus mhaoirsiú na gníomhaireachta sin.

Foráiltear sa dlí nach mór go gcaithfí chomh cothrom céanna le gach oibrí sealadach gníomhaireachta is a chaitear le hoibrithe arna bhfostú go díreach ag an bhfostóir maidir le:

- Pá,
- Am oibre,
- Tréimhsí sosa,
- Tréimhsí sosa i rith lá oibre,
- Obair oíche,
- Ragobair,
- Saoire bhliantúil, nó
- Laethanta saoire poiblí.

Ní mór go mbeadh rochtain chothrom freisin ag oibrithe sealadacha gníomhaireachta, is atá ag oibrithe an fhostóra féin, ar shaoráidí mar cúram leanaí, an ceaintín nó áiseanna den sórt sin, nó ar sheirbhísí iompair.

I gcás ina dtagann post chun cinn le fostóir oibrí gníomhaireachta, ní mór don fhostóir, nuair a bhíonn sé ag cur a chuid/cuid fostaithe féin ar an eolas, a chur in iúl d'aon oibrí gníomhaireachta atá ann sannta dó/di le hoibriú dó/di faoi láthair, go bhfuil an folúntas ann ar mhaithe le deis a thabhairt don oibrí gníomhaireachta iarratas a dhéanamh ar an bpost sin.

Ní féidir le gníomhaireacht fostaíochta táille a ghearradh ar dhuine maidir le haon socrú a dhéanamh i gcomhair fostaíochta an duine sin.

Fostaithe Páirtaimseartha

Is ionann fostaí páirtaimseartha agus duine a oibríonn níos lú uaireanta ná fostaí lánaimseartha inchomparáide ag déanamh an chineál céanna oibre.

Ní féidir caitheamh le níos lú fabhar le fostaí páirtaimseartha is a chaitear le fostaí lánaimseartha inchomparáide maidir le haon choinnioll fostaíochta agus tá feidhm le gach reachtaíocht um chosaint fostaithe i gcás fostaithe páirtaimseartha ar an gcaoi chéanna a bhfuil feidhm léi cheana féin i gcás fostaithe lánaimseartha. Ní féidir caitheamh le níos lú fabhar le fostaí páirtaimseartha le hais mar a chaitear le fostaí lánaimseartha inchomparáide inar féidir bonn cirt a thabhairt maidir le láimhseáil den sórt sin ar fhorais oibiachtúla.

Fostaíocht Daoine Óga

Tá *an tAcht um Chosaint Daoine Óga, 1996* deartha chun sláinte oibríthe óga a chosaint, agus lena chinntiú nach gcuireann fostaíocht i rith na scoilbhliana a gcuid oideachais i mbaol. Leagtar síos íosteorainneacha maidir le haois fostaíochta sa dlí, leagtar síos eatraimh sosa agus uaireanta oibre uasta, agus cuirtear cosc ar fhostú daoine faoi 18 mbliana d'aois obair oíche a dhéanamh. Ní mór d'fhostóirí taifid shonracha a choimeád freisin d'oibríthe atá faoi 18. Go ginearálta, cuirtear cosc leis an Acht ar fhostú leanaí faoi bhun 16. Mar sin féin is féidir leanaí idir 14 agus 15 bliana a fhostú:

- i rith laethanta saoire na scoile,
- go páirtaimseartha i rith an téarma scoile,
- mar chuid de thaithí oibre ceadaithe nó clár oideachais i gcás nach bhfuil an obair díobhálach dá sábháilteacht, sláinte, nó dá bhforbairt.



Is féidir leanaí (i.e. faoi bhun 16 bliana déag) a fhostú in obair chultúrtha, ealaíonta, spóirt nó fógraíochta nach bhfuil díobhálach dá sábháilteacht, sláinte, nó dá bhforbairt agus nach gcuireann isteach ar a bhfreastal ar scoil, i ngairmthreoir nó i gcláir oiliúna nó i gcáil ina mbainfidh siad leas as an treoir a fhaigheann siad. D'fhonn é sin a dhéanamh ní mór cead a fháil trí bhíthin **ceadúnais** arna eisiúint thar ceann an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Is iad na cineálacha gníomhaíochta dá ndéantar iarratais ar cheadúnas de ghnáth ná fógraí teilifíse, scannáin nó taibhléiriú amharclainne a gcaithfidh leanbh a bheith páirteach ann. Leagtar síos sa cheadúnas na coinníollacha faoina bhféadfaidh na leanaí a bheith fostaithe, cosúil le coinníollacha ginearálta maidir le toiliú tuismitheoirí, socrúithe maoirseachta agus oideachais, agus na huastréimhsí oibre agus íostréimhsí sosa atá oiriúnach maidir le gach grúpa. Ba chóir don fhostóir iarratas a dhéanamh i scríbhinn ar cheadúnas 21 lá ar a laghad sula gcuirtear tús leis an bhfostaíocht.



Ba cheart iarratais a sheoladh chuig:

**An Rannán um Cheadúnú Fostaíocht Daoine Óga, An
Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre
Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach.
Teileafón (059) 9178800**

Is féidir na doiciméid seo a leanas a íoslódáil ó
www.workplacerelations.ie.

- An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996
Foirm Iarratais,
- An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996
Nóta maidir le leanbh a fhostú faoi cheadúnas faoi Alt
3(2) Ceadúnas Téatair,
- An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996
Nóta maidir le leanbh a fhostú faoi cheadúnas faoi
Alt 3(2) Ceadúnas Scannáin/Teilifíse.

Náisiúnaigh Choigríche a Fhostú

Tá náisiúnaigh choigríche a oibríonn go dleathach in Éirinn i dteideal raon iomlán na gceart fostaíochta reachtúil agus na gcosaintí ar an gcaoi céanna is atá oibrí Éireannach.

I gcás náisiúnach nach as LEE dó/di, seachas sna cásanna atá liostaithe thíos, bíonn cead fostaíochta de dhíth air/uirthi chun glacadh le post in Éirinn (cuimsítear sa LEE Ballstáit an Aontaigh Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, an Iorua agus Lichtinstéin). Ba cheart a thabhairt ar aird gur cion é faoi Achtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003 agus 2006 d'fhostóir agus d'fhostaí náisiúnach neamh-LEE a bheith fostaithe acu gan cead fostaíochta ceart nó cead eile chun oibre. Ní féidir le daoine a bhfuil cead fostaíochta acu ach oibriú don fhostóir atá ainmnithe ar an gcead.



Má scoireann sealbhóir cead fostaíochta, ar aon chúis, de bheith fostaithe ag an bhfostóir atá ainmnithe ar an gcead i rith thréimhse bailíochta an cheada, ní mór an cead bunaidh agus an chóip deimhnithe a sheoladh ar ais láithreach chuig an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Ní theastaíonn Ceadanna Fostaíochta ó shaoránaigh as tíortha neamh-LEE lena n-áirítear iadsan:

- A bhfuil cead acu fanacht mar chéile nó mar chleithiúnach ag náisiúnach Éireann/LEE,
- A bhfuil cead acu fanacht mar thuismitheoir saoránach Éireannach,
- A bhfuil cead sealadach acu fanacht sa Stát ar fhorais dhaonnúla, agus iad sa phróiseas Iarrtha Tearmann,
- A bhfuil cead sainráite acu ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannas fanacht ina gcónaí agus fostaithe sa Stát,
- A bhfuil cead acu a bheith sa Stát mar mhac léinn cláraithe a bhfuil cead aige/aici 20 uair an chloig a oibriú i rith an téarma agus 40 uair an chloig i rith tréimhsí saoire,
- A bhfuil cead acu a bheith sa Stát faoi théarmaí an Achta um Chaidreamh agus Díolúine Taidhleoireachta 1967, agus iad sannta chuig Misean i dtír lena bhfuil Comhaontú um Chleithiúnaigh Oibre ag an Rialtas léi,
- Náisiúnaigh ón Eilvéis: De réir théarmaí Acht na gComhphobal Eorpach agus Chónaidhm Eilvéiseach, 2001, a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2002, cumasaíonn sé seo saorghluaiseacht oibríthe idir an Eilvéis agus Éire, gan gan le Ceadanna Fostaíochta.

Tabhair faoi deara:

Díreach toisc go bhfuil uimhir PSP (Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí) ag duine, ní chiallaíonn sé sin go bhfuil duine i dteideal go huathoibríoch oibriú sa Stát.

Sonraí teagmhála

An Rannán Ceadanna Fostaíochta

An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Davitt House
65a Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2

Teil: (01) 417 5333

Íosghlao: 0818 201616*

*Tabhair faoi deara go bhféadfadh éagsúlacht a bheith sna rátaí a ghearrtar ar uimhreacha 0818 (Íosghlao) i measc soláthraithe seirbhíse difriúla.

Láimhseálfaidh an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre fiosruithe teileafóin a chuirtear chuig Lárionad Glaonna na gCeadanna Fostaíochta.

Tá faisnéis maidir le Ceadanna Fostaíochta agus riachtanais maidir le hiarratas a dhéanamh ar fáil freisin ar www.djei.ie. Is féidir stádas reatha na n-iarratas ar cheadanna fostaíochta a sheiceáil freisin ag úsáid na saoráide chun Nuashonrú a fháil ar Stádas ar Líne ar an suíomh gréasáin sin.

Oibrithe ar phostú: Is ionann oibrí ar phostú agus duine, ar feadh tréimhse theoranta, a dhéanann a chuid/cuid oibre i mBallstát den AE seachas an Stát ina n-oibríonn sé/sí de ghnáth. Éilítear i dTreoir an Chomhphobail Eorpaigh maidir le hOibrithe ar Phostú ar gach Ballstát a chinntiú go ráthaítear na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta céanna d'oibrí a phostáiltear chuig a críocha is a ráthaítear faoin dlí sa Bhallstát sin.



Téarmaí agus Coinníollacha i Scríbhinn

Cé nach gá an Conradh iomlán fostaíochta a bheith i scríbhinn, ní mór téarmaí agus coinníollacha áirithe a lua i scríbhinn taobh istigh de dhá mhí ó thosaítear ag obair. D'áireofaí leo sin de ghnáth an modh chun pá a ríomh agus cibé an bhfuil scéim pá breoiteachta i bhfeidhm nó nach bhfuil. (I gcás fostaithe ar théarma seasta d'áireofaí leis freisin na himthosca ina dtiocfaidh deireadh lena bhfostaíocht). Foráiltear sna hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 go 2014, nach mór d'fhostóir ráiteas scríofa de na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann lena bhfostaíocht a eisiúint dá bhfostaithe taobh istigh de dhá mhí ó thosaíonn siad ag obair.



Ní mór na nithe seo a leanas a áireamh ann:

- Ainm iomlán an fhostóra agus an fhostaí,
- Seoladh an fhostóra,
- An áit oibre, nó i gcás nach bhfuil aon phríomháit oibre, ráiteas ina dtugtar le fios go n-iarrtar nó go gceadaítear d'fhostaí oibriú ag áiteanna éagsúla,
- Teideal an phoist nó an cineál oibre,
- Dáta tosaigh na fostaíochta,
- Más conradh sealadach é, fad na fostaíochta, mar atá measta,
- Má tá an conradh ar théarma seasta, an dáta ar a rachaidh an conradh in éag,
- An ráta pá nó an modh a ríomhfar an pá,
- An ceart maidir le ráiteas scríofa den ráta pá in aghaidh na huaire ar an meán maidir le haon tréimhse tagartha arna iarraidh,
- Bíodh an pá ar bhonn seachtaine, míosúil nó ar bhonn eile,
- Na téarmaí nó coinníollacha a bhaineann le huaireanta oibre, lena n-áirítear ragobair,
- Na téarmaí nó coinníollacha a bhaineann le saoire bhreuiteachta (seachas saoire bhreuiteachta ar phá),
- Na téarmaí nó coinníollacha a bhaineann le héagumas i gcomhair oibre i ngeall ar bhreuiteacht nó díobháil,
- Na téarmaí nó coinníollacha a bhaineann le pinsin agus scéimeanna pinsin,
- Tréimhsí Fógra nó an modh chun tréimhsí fógra a chinneadh,
- Tagairt d'aon chomhaontuithe comhchoiteann a mbíonn tionchar acu ar na téarmaí fostaíochta.

Aistriú Gnóthas: Foráiltear Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaithe maidir le Aistriú Gnóthas), 2003 go ndéanfar cearta maidir le dlí fostaíochta agus oibleagáidí an chéad fhostóra a aistriú chuig an bhfostóir nua i gcás ina n-aistrítear an gnó nó cuid den ghnó. Ní mór don fhostóir nua aird a bheith aige/aici ar na téarmaí agus coinníollacha a comhaontaíodh in aon chomhaontú comhchoiteann leis na téarmaí céanna a bhí infheidhmithe don chéad fhostóir.

Pá agus Tuarastal

Pá Íosta Náisiúnta: Tá oibrithe fásta a bhfuil taithí acu in Éirinn i dteideal íosráta in aghaidh na huaire a íoc leo. Tá roinnt eisceachtaí ann áfach maidir leis an bpá íosta, lena n-áirítear iad sin atá fostaithe ag gaolta gar dóibh, iad sin faoi 18 agus daoine faoi oiliúint nó printísigh.

Féadfar íosrátaí dleathacha pá a leagan síos i dtionscail nó in earnálacha áirithe in Orduithe Rialaithe Fostaíochta (ORFanna), Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe (CFCanna) agus Orduithe Fostaíochta Earnála (OFEanna).

Tá sonraí maidir leis na híosrátaí reatha, faoin Acht um Pá íosta agus faoi ORFanna, CFCanna agus OFEanna ar fáil ar www.workplacerelations.ie.

Duillíní Pá: Tá gach fostaí i dteideal duillín pá a fháil gach uair a íoctar pá leo. Ba cheart go dtaispeánfaí ar an duillín pá sin an pá comhlán (tuarastal roimh asbhaintí) agus an cineál asbhainte agus an méid.

Asbhaintí: Tá cead ag fostóir na hasbhaintí seo a leanas a dhéanamh as pá fostaí:

- Aon asbhaint is gá nó atá údaraithe de réir dlí (e.g. ÍMAT nó ÁSPC),
- Aon asbhaint atá údaraithe ag téarma chonradh fostaí (e.g. ranníocaíochtaí pinsin, nó easnaimh áirithe tille),
- Aon asbhaint a chomhaontaigh an fostaí roimh ré i scríbhinn (e.g. suibscríbhinn árachas sláinte, suibscríbhinn i gcomhair ballraíochta i gclub spóirt agus sóisialta).

Saoire, Briseadh, Am Sosa

Ní mór d'fhostóirí a chinntiú go dtugtar dóthain sosa d'fhostaithe. Leagtar síos san Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 na rialacha lena rialaítear uaireanta oibre uasta, sosanna laethúla agus seachtainiúla, saoire bhliantúil agus teidlíochtaí ar shaoire phoiblí.

Seachtain Oibre Uasta: Is 48 uair an chloig an t-uasmhéid ba cheart d'fhostaí oibriú i ngnáth-sheachtain oibre. Ba cheart an meán sin le haghaidh seachtain oibre a ríomh thar thréimhse ceithre mhí. Tá roinnt eisceachtaí áfach maidir leis an meán-thréimhse sin.

Sosanna: Tá fostaithe i dteideal;

- Tréimhse sosa laethúil de 11 uair an chloig as a chéile in aghaidh an 24 uair an chloig,
- Tréimhse sosa seachtainiúil de 24 uair an chloig as a chéile in aghaidh seacht lá, i ndiaidh tréimhse sos laethúil,
- Sos 15-nóiméad tar éis 4½ uair an chloig a oibriú,
- Sos 30 nóiméad tar éis sé huaire an chloig a oibriú.

Níl aon teidlíocht reachtúil ar íocaíocht i gcomhair sosanna.

An Domhnach: Mura bhfuil sé áirithe cheana féin sa ráta pá, go hiondúil bíonn fostaithe i dteideal íocaíocht phréimhe as an Domhnach a oibriú nó am saor in lieu. I roinnt tionscal, d'fhéadfaí le Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe (CFCanna), Orduithe Rialaithe Fostaíochta (ORFanna) agus Orduithe Fostaíochta Earnála (OFEanna) sos breise a chur ar fáil agus/nó teidlíochtaí pá as an Domhnach a oibriú (féach an rannán ar Chomhaontuithe a bhaineann go sonrach leis an tionscal).



Saoire agus Laethanta Saoire Poiblí: Saothraítear teidlíochtaí saoire ón dáta a gcuirtear tús leis an bhfostaíocht.

Is é an teidlíocht saoire bhliantúil íosta ná 4 seachtaine oibre de shaoire bhliantúil íoctha in aghaidh gach bliain saoire. Mar sin féin, tabhaítear saoire bhliantúil bunaithe ar an méid ama atá oibrithe ag an bhfostaí. Saothraíonn fostaithe lánaimseartha seachtain amháin de shaoire bhliantúil íoctha le haghaidh gach trí mhí a oibríonn siad. Beidh a dteidlíocht ar shaoire bhliantúil iomlán ceithre seachtaine saothraithe ag fostaithe a oibríonn 1365 uair in aon bhliain shaoire, ach amháin más bliain shaoire é ina n-athraíonn an fostaí fostaíocht.

Tá fostaithe páirtaimseartha i dteideal saoire bhliantúil ina bhfuil 8% de na huaireanta a oibríodh, faoi réir uasmhéid 4 seachtaine oibre sa bhliain shaoire. Tá fostaithe i dteideal naoi lá saoire poiblí i rith na bliana freisin, trína bhféadfaidh fostóir rogha a dhéanamh ceann de na ceithre rogha seo a leanas a thabhairt:

- lá saor íoctha ar an lá, nó
- lá saor íoctha laistigh de mhí, nó
- lá breise de shaoire bhliantúil íoctha, nó
- pá lae breise.

Is iad seo a leanas na naoi lá saoire poiblí in Éirinn:

LAETHANTA SAOIRE POIBLÍ
1 Eanáir (Lá Cinn Bhliana)
Lá Fhéile Pádraig (17 Márta)
Luan Cásca
An Chéad Luan sa Bhealtaine
An Chéad Luan i Meitheamh
An Chéad Luan i Lúnasa
An Luan Deiridh i nDeireadh Fómhair
Lá Nollag (25 Nollaig)
Lá Fhéile Stiofáin (26 Nollaig)

Ionas go mbeidh fostaí páirtaimseartha incháilithe le haghaidh saoire poiblí, ní mór dó/di 40 uair an chloig ar a laghad a oibriú sa tréimhse 5 seachtaine a thagann díreach roimh an tsaoire poiblí.

Pá ar Shaoire Phoiblí: Má thiteann an saoire poiblí ar lá nach n-oibríonn an fostaí de ghnáth, tá an fostaí i dteideal aon cúigiú dá ghnáthphá seachtainiúil as an lá.

Saoire Chosantach

Tá sé de dhualgas ar fhostóirí ligean d'fhostaithe (a chomhlíonann critéir cháilitheacha ábhartha, más ann dóibh) leas a bhaint as saoire chosanta reachtúil áirithe, amhail saoire mháithreachais, saoire sláinte agus sábháilteachta, saoire thuismitheoireachta, saoire uchtála, agus saoire chúramóirí. Tá reachtaíocht shonrach ann ina leagtar síos na rialacha maidir le gach teidlíocht is féidir a rochtain ar

www.workplacerelations.ie.

Comhionannas

Déanann na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta eisreachtú ar idirdhealú i réimsí a bhaineann le hobair, cosúil le pá, gairmoiliúint, rochtain ar fhostaíocht, taithí oibre agus ardú céime lena n-áirítear ciapadh agus íospairt ag an obair agus foilsíú fógraí idirdhealaitheacha.

Cuirtear cosc ar idirdhealú nuair a bhaineann sé le hinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, creideamh, aois, míchumas, cine, dath, náisiúntacht, bunús eitneach nó náisiúnta agus ballraíocht de phobal an lucht siúil.

Féadfar aon fhoráil i gcomhaontú comhchoiteann, Ordú um Rialú Fostaíochta, Comhaontú Fostaíochta Cláraithe nó Comhaontú Fostaíochta Earnála ina ndéantar idirdhealú ar aon cheann de na forais atá leagtha síos thuas a dhearbhu ar neamhní go hiomlán.

Tá sé neamhdhleathach freisin idirdhealú díreach nó indíreach a dhéanamh maidir le pinsin cheirde ar aon cheann de na forais atá leagtha amach thuas.



Comhaontuithe a bhaineann go sonrach leis an Tionscal

Tá fostaithe in earnálacha áirithe cumhdaithe ag comhaontuithe sonracha maidir lena bhfostaíocht agus ina láimhseáiltear pá agus coinníollacha oibre na bhfostaithe sna hearnálacha sin. Is ionann na comhaontuithe sin agus

- *Orduithe Rialaithe Fostaíochta (ORFanna)* a rinne an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta i ndiaidh tograí a rinne an Comhchoiste Saothair agus ar ghlac an Chúirt Oibreachais leo;
- *Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe (CFCanna)* á moladh de réir aicme, cineál nó grúpa oibríthe nó ceardchumann agus fostóirí iomchuí nó ceardchumann fostóirí agus a bhí cláraithe leis an gCúirt Oibreachais: agus
- *Comhaontuithe Fostaíochta Earnála (CFEanna)* a rinneadh de réir Ordú an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta i ndiaidh moltaí na Cúirte Oibreachais.

Tá sé de dhualgas ar fhostóirí in earnálacha atá cumhdaithe ag ORF, CFC nó CFE de réir dlí na rátaí pá a íoc agus na coinníollacha fostaíochta céanna arna bhforordú leis na horduithe agus comhaontuithe a chur ar fáil.

Tá sonraí maidir leis na ORFanna, CFCanna agus CFEanna atá i bhfeidhm faoi láthair ar fáil ar www.workplacereactions.ie.

Fostaíocht a Fhoirceannadh

Fógra Íosta: Foráiltear sna hAchtanna um Fhógra Íosta agus um Théarmaí Fostaíochta 1973 go 2005 go bhfuil gach fostaí atá fostaithe lena fhostóir/fostóir ar feadh 13 seachtaine ar a laghad i dteideal íostréimhse fógra sula bhféadfaidh an fhostóir sin é nó í a chur as a phost/post. Bíonn éagsúil sa tréimhse sin idir seachtain amháin agus ocht seachtaine de réir an fad seirbhíse.

Féadfaidh fhostóir agus fostaí íocaíocht a shocrú in ionad fógra. Is mar seo a leanas atá teidlíocht fostaíochta ar fhógra íosta:

Fad Seirbhíse	Fógra íosta
Trí seachtaine déag go dtí níos lú ná dhá bhliain	Seachtain amháin
Dhá bhliain go dtí níos lú ná cúig bliana	Dhá sheachtain
Cúig bliana go dtí níos lú ná deich mbliana	Ceithre seachtaine
Deich mbliana go dtí níos lú ná cúig bliana déag	Sé seachtaine
Níos mó ná cúig bliana déag	Ocht seachtaine

Tá sé de dhualgas ar fhostaí a bhfuil 13 seachtaine déanta aige/aici lena fhostóir/fostóir fógra seachtaine a thabhairt dá fhostóir/fostóir nuair a bhíonn sé/sí ag éirí as, mura bhfuil conradh fostaíochta i scríbhinn ann ina bhforáiltear do thréimhse níos faide, agus sa chás sin ní mór an tréimhse fógra sin a thabhairt.

Is féidir conarthaí fostaíochta a fhoirceannadh ar bhealaí éagsúla, cosúil le díbirt, iomarcaíocht, nó dócmhainneacht. Ba cheart go mbeadh cur amach ag fhostóirí ar na rialacha a bhaineann le foirceannadh fostaíochta in aon cheann de na conarthaí sin. Chun bonn cirt a chur le díbirt, ní mór d'fhostóir a thaispeáint gur tharla sé ar chúis amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

- (a) cumas, inniúlacht nó cáilíochtaí an fhostaí as an obair ar fostaíodh é/i;
- (b) iompar an fhostaí;
- (c) iomarcaíocht;
- (d) toisc gur sárú ar cheanglas reachtúil eile a bheadh ann leanúint den fostaíocht;
- (e) go raibh forais shubstaintiúla eile ann maidir leis an díbirt.

Iomarcaíocht

Tarlaíonn cás iomarcaíochta, tríd is tríd, nuair nach bhfuil post ann níos mó agus nach dtagann aon duine eile i gcomharba ar an oibrí.

Faoin Scéim Íocaíochta Iomarcaíochta tá gach fostaí incháilithe i dteideal íocaíocht iomarcaíochta reachtúla i bhfoirm cnapshuime nuair a chailleann sé/sí a phost. Tá fostaí i dteideal dhá sheachtain pá as gach bliain seirbhíse, le seachtain bhónais curtha leis, faoi réir na tairsí uasta atá i bhfeidhm ar phá seachtainiúil comhlán arb ionann é agus €600 maidir le hiomarcaíochtaí a fógraíodh agus/nó deimhníodh an 1 Eanáir 2005 nó ina dhiaidh sin.

Ní mór d'fhostaí dhá bhliain de sheirbhís leanúnach ar a laghad (104 seachtain) a bheith aige chun cáiliú le haghaidh iomarcaíochta reachtúla. Ní mór d'fhostóir a bhfuil fostaí aige atá ag cailleadh a phost nó á dhéanamh iomarcach fógra cuí a thabhairt don fhostaí de réir an fad seirbhíse faoi na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973 – 2005 nó de réir chonradh an fhostaí.

Mar sin féin, ní bhíonn gá le fógra iomarcaíochta ach amháin dhá sheachtain sula ndéantar an fhostaíocht a fhoirceannadh agus ní mór é a thabhairt i scríbhinn. Is féidir é sin a dhéanamh trí Cuid A den fhoirm RP50 a chomhlánú (féach thíos) nó an fostaí a chur ar an eolas i scríbhinn maidir leis an iomarcaíocht. Níor chóir don fhostaí Cuid B den fhoirm RP50 a shíniú go dtí go mbeidh a n-íocaíocht iomarcaíochta faighte acu. Chun tuilleadh eolais a fháil lena n-áirítear conas teidlíochtaí iomarcaíochta a ríomh ag úsáid an áireamháin iomarcaíochta, logáil isteach ar www.welfare.ie.

Foráiltear sna hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2014 nach mór an cnapshuim iomarcaíochta a íoc díreach leis an bhfostaí. Ní bhíonn feidhm le lacáistí iomarcaíochta reachtúla ach amháin nuair a bhíonn dáta an díbhe mar gheall ar iomarcaíocht roimh an 1 Eanáir, 2013. Tá faisnéis d'fhostóirí maidir le héileamh a dhéanamh ar lacáiste iomarcaíochta chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí ag úsáid na saoraíde ar líne (Foirm RP50) ar fáil ar www.welfare.ie.

Iomarcaíochtaí comhchoiteanna: I gcás ina bhfuil fostóirí ag beartú iomarcaíochtaí comhchoiteanna, tá sé de dhualgas orthu faisnéis shonrach a thabhairt d'ionadaithe na bhfostaithe maidir leis na hiomarcaíochtaí atá beartaithe agus dul i gcomhairle leis na hionadaithe sin ar a laghad 30 lá sula dtarlaíonn an díbhe le fáil amach ar féidir na hiomarcaíochtaí a sheachain nó a laghdú nó a gcuid éifeachtaí a mhaolú.

Cóid Chleachtais agus Ceanglais Eile

In áiteanna fostaíochta meastar go mbíonn gá beartais agus nósanna imeachta áirithe a bhunú, cosúil leo sin a dhéileálann le disciplín agus gearáin, dínit ag an obair (lena n-áirítear bulaíocht agus ciapadh), agus meastar gur dea-chleachtas é beartais agus nósanna imeachta eile a leagan síos, cosúil le beartais ar chosaint sonraí agus ar asláithreacht. Beidh éagsúil ó thaobh tábhachta ag baint leis seo d'fhostóirí ag brath ar an gcineál gnó atá i gceist.

Tá cóid chleachtais curtha le chéile ag roinnt eagraíochtaí, lena n-áirítear an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus d'fhéadfaidís a bheith áisiúil ag fostóirí. (Féach Aguisín II chun sceideal a fháil de Chóid, Bileoga Eolais, Leabhráin Mínithe agus litríocht eile atá áisiúil).

Tá raon cúrsaí eile nach mór smaoineamh orthu freisin nuair a bhíonn daoine á bhfostú, lena n-áirítear cáin agus leas sóisialach, pinsin, comhionannas, cosaint sonraí agus ceanglais sláinte agus sábháilteachta. Tá liosta de Eagraíochtaí agus sonraí teagmhála a bhaineann leo ar fáil in Aguisín I leis an leabhrán seo).

Forfheidhmiú

Is féidir gearáin maidir le sáruithe líomhnaithe ar reachtaíocht fostaíochta agus comhionannais a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre. Is féidir r-Shaoráid Gearán an Choimisiúin a rochtain ar www.workplacerelations.ie. Ag brath ar an gcineál gearáin a déantar, cuirfear an cás ar aghaidh le haghaidh imscrúdú nó le breithniú.

Imscrúdú: Tá cigirí an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre údaraithe chun cigireachtaí, scrúduithe nó imscrúduithe a dhéanamh ar mhaithe le reachtaíocht fostaíochta a fhaire agus a fhorfheidhmiú.

I gcás ina gcinneann Cigire gur tharla sárú ar réimsí sonracha den dlí fostaíochta (lena n-áirítear neamhíocaíocht airgead áirithe i ngeall ar fhostaí a bheith faoi dhlí fostaíochta), agus go dteipeann nó go ndiúltaíonn an fostóir an neamhchomhlíonadh a réiteach féadfaidh an Cigire Fógra Comhlíontachta a eisiúint ina leagfar amach na céimeanna is gá don fhostóir a ghlacadh chun comhlíonadh a chur i bhfeidhm. Mura ndéanann fostóir achomharc agus go dteipeann nó go ndiúltaíonn sé an cás a réiteach nó a leagan síos i scríbhinn conas atá sé i gceist aige/aici na cúrsaí atá leagtha amach san fhógra a chur ina gceart, féadfaidh an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre imeachtaí ionchúisimh a thionscnamh i gcoinne an fhostóra.

Maidir le raon sonracha na ngníomhartha neamhchomhlíontachta thar ceann na bhfostóirí, féadfaidh Cigire fógra maidir le híocaíocht sheasta a sheirbheáil air/uirthi. Má íocann an duine ar a seirbheáiltear an fógra an méid atá sonraithe san fhógra ní théann an cás ar aghaidh chun Cúirte ansin. Mar sin féin, má theipeann nó má dhiúltaíonn an duine an méid a íoc is féidir an cás a chur ar aghaidh chuig an gCúirt Dúiche áit ar féidir leis an gcosantóir a gcás a throid ar an gnáthbhealach.

Bíonn cigirí an Choimisiúin fostaithe ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta mar oifigigh údaraithe chun críche na nAchtanna um Cheadanna Fostaíochta 2003-2014.

Breithniú: Tá Oifigigh Breithnithe de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre (WRC) neamhspleách ar bhonn reachtúil ina ndualgais cinnteoireachta toisc go mbaineann siad le breithiúnas a thabhairt ar ghearáin a chuireann Ard-stiúrthóir an WRC ar aghaidh chucu.

Is é ról an Oifigigh Bhreithnithe ná éisteacht a chur ar bun áit a dtugtar deis don dá pháirtí éisteacht a fháil ón Oifigeach Breithnithe agus aon fhianaise atá ábhartha don ghearán a chur faoina bhráid. Bíonn éisteachtaí de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Ionad Oibre ar siúl go príobháideach. Ní dhéanfaidh an tOifigeach Breithnithe iarracht idirghabháil nó eadráin a dhéanamh sa chás. Féadfar páirtithe a thionlacan agus féadfaidh oifigeach ceardchumainn, oifigeach comhlachta, ionadaíocht a dhéanamh orthu ag éisteachtaí, comhlacht a léiríonn i dtuairim an Oifigigh Bhreithnithe, leasanna fostóirí, abhcóide cleachtach nó aturnae cleachtach nó aon duine eile, má cheadaíonn an tOifigeach Breithnithe é sin.

Cinnfidh an tOifigeach Breithnithe an cás ansin agus tabharfaidh sé cinneadh scríofa maidir leis an ngearán. Dearbhófar sa chinneadh, a chuirfear in iúl don dá pháirtí agus a fhoilseofar,

- (a) (a)cibé an raibh nó nach raibh bunús maith le gearán an ghearánaigh,
- (b) iarrfar ar an bhfostóir cloí leis an bhforáil(forálacha) ábhartha,
- (c) iarrfar ar an bhfostóir cúiteamh a thabhairt atá cóir agus cothrom sna cúinsí.

Féadfaidh páirtí leis an ngearán achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais ó chinneadh Oifigigh Bhreithnithe.

Idirghabháil: d'fhéadfadh an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre (WRC) a bheith in ann seirbhís idirghabhála a thairiscint i gcásanna áirithe d'fhonn réiteach gearán/díospóidí a éascú nuair is féidir é sin a dhéanamh go luath agus gan dochar don bhreithiúnas. Ní féidir gearáin/ díospóidí a chur ar aghaidh i gcomhair idirghabhála ach amháin trí chomhaontú na páirtithe leis an ngearán/díospóid.

Féachtar in idirghabháil teacht ar réiteach trí chomhaontú idir na páirtithe, seachas é a dhéanamh tríd imscrúdú nó éisteacht nó cinneadh foirmiúil. Tugann an tOifigeach Idirghabhála cumhacht do na páirtithe a gcomhaontú féin a phlé ar bhonn soiléir agus treoraithe, i gcás go mbeadh gach páirtí á iarraidh sin. Is próiseas deonach atá i gceist agus féadfaidh aon pháirtí é a fhoirceannadh ag aon chéim.

Is féidir le hidirghabháil a bheith i bhfoirm glaonna teileafóin leis na páirtithe, glaonna/cruinnithe idirghabhála duine ar dhuine nó bealaí den sórt sin de réir mar a mheasfaidh an tOifigeach Idirghabhála é iomchuí.

Tá na páirtithe faoi cheangal ag téarmaí an réitigh agus má sháraíonn ceachtar páirtí na téarmaí sin, beidh an sárú inghníomhaithe in aon chúirt ina bhfuil dlínse inniúil.



Aguisín I:

Eagraíochtaí atá in ann cabhrú le Saincheisteanna Fostaíochta

Eagraíocht	Feidhmeanna ábhartha	Sonraí teagmhála
An Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre	Soláthar faisnéise, imscrúdú agus breithniú ar ghearáin, idirghabháil, comhréiteach, daoine óga agus ceadúnú gníomhaireachtaí fostaíochta	Íosghlao 08 18 - 808090 An leathanach Déan teagmháil linn ar an suíomh gréasáin www.workplacelrelations.ie
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta	Eisiúint ceadanna fostaíochta	Íosghlao 0818-201616 nó 01-4175333 www.djei.ie
An Chúirt Oibreachais	Achomhairc i gcoinne cinntí breithnithe agus fógraí comhlíontachta	Íosghlao 0818-220228 www.workplacelrelations.ie
Eolas do shaoránaigh	Faisnéis ar sheirbhísí poiblí agus teidlíochtaí	www.citizensinformation.ie
An Oifig um Chlárú Cuideachtaí	Coinníonn sí faisnéis faoi chuideachtaí, ionchorpraíonn sí cuideachtaí agus forfheidhmíonn sí Achtanna na gCuideachtaí	01-8045200 www.cro.ie
An Coimisinéir Cosanta Sonraí	Tugann sé cosaint don cheart chun príobháideachta faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus tugann sé faisnéis maidir le cearta aonair agus ar na freagrachtaí atá ar eagraíochtaí.	Íosghlao 0818-252231 www.dataprotection.ie

Eagraíocht	Feidhmeanna ábhartha	Sonraí teagmhála
An Roinn Coimirce Sóisialaí	Freagrach as sochaí chásmhar a chur chun cinn trína chinntiú go mbeidh rochtain ar thacaíocht ioncain agus ar sheirbhísí eile, ag cumasú rannpháirtíocht ghníomhach, ag cur cuimsiú sóisialta chun cinn agus ag tacú le teaghlaigh.	Íosghlao 0818-800699 (Íocaíochtaí Iomarcaíochta) www.welfare.ie
An Rannán Scope (An Roinn Coimirce Sóisialaí)	Tugann sí cinntí agus faisnéis ar inárachas fostaíochta de réir dlí.	01-673 2585 Ríomhphost: scope@welfare.ie www.welfare.ie
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta	Freagracht as sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a chosaint	Íosghlao 0818-289389 Ríomhphost: wcu@hsa.ie www.hsa.ie
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	Cosaint agus cur chun cinn an chomhionannais	Íosghlao 0818-245545 or 01-8589601 Ríomhphost: info@ihrec.ie www.ihrec.ie
Na Coimisinéirí Ioncain	Measúnú agus bailiú cánacha	Féach aimsitheoir teagmhála ar www.revenue.ie
An tÚdarás um Shlándaíl Phríobháideach	Freagracht as an tionscal slándála príobháideach a cheadúnú agus a rialú in Éirinn	062-31588 Ríomhphost: info@psa.gov.ie www.psa.gov.ie
An tÚdarás Pinsean	Déanann monatóireacht ar Acht na bPinsean, tugann sé cosaint do leasanna bhaill scéim pinsin cuideachtaí agus ar dhaoine a chuireann airgead in PRSA; agus spreagann sé soláthar pinsin	Íosghlao 0818 656565 nó 01-6131900 www.pensionsauthority.ie

Tá raon Comhlachtaí Ionadaíocha Fostóirí agus Ceardchumann a thugann faisnéis, comhairle agus tacaíocht i réimse na fostaíochta agus na reachtaíochta combhionannais:

Comhdháil na gCeardchumann

Teil: 01-8897777

www.ictu.ie

Comhdháil Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann

Teil: 01-6051500

www.ibec.ie

Comhlachas na nGnólachtaí Beaga

Teil: 01-6051500

www.sfa.ie

Gnóthais Bheaga agus Mheánacha na hÉireann

Teil: 01-6622755

www.isme.ie

Aguisín II: **Foilseacháin Áisiúla**

- Treoir maidir le Dlí Fostaíochta, Saothair agus Comhionannais
- Treoir Fostóra maidir le Cigireachtaí an WRC
- Cód Cleachtais na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le Fostaíocht stádas féinhostaíochta Daoine Aonair a Chinneadh
- Faisnéis ar Shaoire agus Laethanta Saoire Poiblí An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997: Leabhrán Míniúcháin
- An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 Bileog Míniúcháin d'Fhostóirí agus d'Fhostaithe
- An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997. Préimh Domhnaigh/Soláthar Faisnéise/Náid Uaireanta: Bileog Míniúcháin d'Fhostóirí agus d'Fhostaithe
- An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997. Cód Cleachtais ar Thréimhsí Sosa Cúiteacha: Leabhrán Míniúcháin
- An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997. Cód Cleachtais ar Obair ar an Domhnach i dTrádáil Miondíola
- Cód Cleachtais um Chosaint Daoine atá Fostaithe i dTithe Daoine Eile: Leabhrán Míniúcháin
- Cód Cleachtais an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta chun dul i ngleic le Bulaíocht san Ionad Oibre
- An tAcht um Íoc Pá: Leabhrán Míniúcháin d'Fhostóirí agus d'Fhostaithe
- Treoir Mhionsonraithe maidir leis an Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000
- An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 agus 2001: Leabhrán Míniúcháin d'Fhostóirí agus d'Fhostaithe
- Treoir maidir leis an Acht Caidrimh Thionscail, 1990
- Treoir maidir leis an Acht Fostaithe (Soláthar Faisnéise agus Comhairliúcháin), 2006

- An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair ar Théarma Seasta), 2003: Leabhrán Míniúcháin d'Fhostóirí agus d'Fhostaithe
- An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001: Leabhrán Míniúcháin d'Fhostóirí agus d'Fhostaithe
- An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996: Treoir d'Fhostóirí agus d'Fhostaithe
- An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996. Achoimre ar na príomhrialacha maidir le daoine faoi 18 a fhostú
- Cód Cleachtais maidir le fostaíocht daoine óga in Áitreabh Ceadúnaithe
- Treoir maidir leis an Scéim Íocaíochtaí Iomarcaíochta
- An tAcht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2001: Bileog Míniúcháin d'Fhostóirí agus d'Fhostaithe
- An tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001: Leabhrán Míniúcháin d'Fhostóirí agus d'Fhostaithe
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaithe maidir le hAistriú Gnóthas), 2003: Leabhrán Míniúcháin d'Fhostóirí agus d'Fhostaithe
- Cód Cleachtais maidir le Nósanna Imeachta Díospóide lena n-áirítear i Seirbhísí Riachtanacha
- Treoir maidir leis an Scéim Íocaíochtaí dócmhainneachta: Leabhrán Míniúcháin

Tá go leor de na foilseacháin thuas ar fáil le híoslódáil ó www.workplacerelations.ie.





An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Workplace Relations Commission

SONRAÍ TEAGMHÁLA

An Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre (WRC)
Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach
Teileafón: (059) 9178800
www.workplacelrelations.ie

Seirbhísí Faisnéise

Teil: (059) 9178990 – Íosghlao: 0818 808090

Seirbhísí Cigireachta

Teil: (059) 9178800 – Íosghlao: 0818220100

Seirbhísí Breithnithe

Teil: (01) 613 3380

Seirbhísí Idirghabhála Teil: (01) 6136700 – Íosghlao:
0818 220227

Seirbhísí Idir-Réitigh agus Éascaithe Teil: (01)
6136700 – Íosghlao: 0818 220227

Seirbhísí Comhairleacha

Teil: (01) 6136700

Ceadúnú

(Fostaíocht Daoine Óga agus Gníomhaireachtaí)
Teil: (059) 9178800

Ba cheart do dhaoine a ghlaonn ar an tseirbhís a thabhairt faoi deara go bhféadfadh éagsúlacht a bheith sna rátaí a ghearrtar ar uimhreacha 0818 (Íosghlao) i measc soláthraithe seirbhíse difriúla.





An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Workplace Relations Commission

**An Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre
(WRC)**

Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach

Teileafón: (059) 9178800

www.workplacelrelations.ie